

# Cros Ard, Mainistir Bhuithe deireadh an naoú haois



#### An áit ina bhfuil an réad seo le feiceáil

Mainistir Bhuithe, Droichead Átha,  
Co. Lú.

#### Cuir cuairt ar an músaem in áirithe

Chun faisnéis a fháil maidir le treoraí a  
chur in áirithe  
Teil. 041 9872843

## NAISC CHURACLAIM

### Stair

Sraith:	Scéal
Aonad Sraithe:	Scéalta faoi shaol daoine a mhair san am atá caite
Sraith:	Daoine de chuid luath-thréimhsí agus sochaithe ársa
Aonad Sraithe:	Éire Luath-Chríostaí

### Gaeilge

Sraitheanna:	Teanga labhartha; scríbhneoireacht
Aonad Sraithe:	Mothúcháin agus samhlaíocht a fhorbairt trí theanga

### OSPS (Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte)

Sraith:	Mise agus an saol mór
Aonad Sraithe:	Saoránacht a fhorbairt
Sraith tíreolaíochta:	Timpeallachtaí daonna
Strand Unit:	Lárionaid chontae, réigiúnacha agus náisiúnta

### Drámaíocht

Sraith:	Drámaíocht trína scrúdaítear mothúcháin, eolas agus smaointe, rud as a leanann tuiscint
Aonad Sraithe:	Comhoibriú agus cumarsáid le linn dráma a chumadh

## ACMHAINNÍ

- Pinn luaidhe, pinn.

## CUSPÓIRÍ

---

- Tosú ag obair amhail is gur staraí tú
- Déileáil leis an réad ar mhodh atá bunaithe ar fhianaise.
- Ábharthacht, tábhacht agus feabhas teicniúil na gcros ard a thuiscint
- Tú féin a chur in ionad na ndaoine a mhair an tráth sin.
- Aitheantas a thabhairt do na naisc idir saol na ndaoine an tráth sin agus saol na ndaoine sa lá atá inniu ann.

## MEASÚNACHT

---

Scribhneoireacht chruthaitheach  
Drámaíocht

## DIFREÁIL

---

Drámaíocht

## CEACHT

---

- Cuir íomhá den Chros Ard, Mainistir Bhuithe, ar taispeáint.

### Léigh scéal Chros Ard Mhainistir Bhuithe.

*Moltar go n-éisteann na leanaí gan an téacs a fheiceáil ar an scáileán, rud is féidir leo a dhéanamh níos déanaí.*

#### Plé A (tuairimíocht)

- An bhfuil a fhios ag éinne céard é seo?
- Céard iad crosa arda?
- An bhfuil cros ard ann sa cheantar seo?

#### Plé B (tuairimíocht)

- Ar thángthas ar chrosa arda in aon tír eile?
- Cá mhéad cros ard a bhí ann sa tír thart ar an mbliain 950?
- Céard iad na radhairc as an mBíobla, leabhar naofa na Críostaíochta, atá le feiceáil ar an gCros Ard?
- Cad a tharla ag bun na gcros seo?
- Cé a thóg na crosa arda?
- Cén fáth gur tógadh iad?
- Dá mbeifeá beo an tráth sin agus dá mbeifeá tar éis íoc as cros ard a thógáil, cad a chuirfeá mar inscríbhinn uirthi?

#### Gníomhaíochta - leathán oibre

- Ag obair le duine eile nó i ngrúpa.
- Tugtar leathán oibre do gach péire nó grúpa.

#### Freagraí ar cheisteanna na leathán oibre:

1. An Carghas
2. Cros
3. An Bíobla

4. An Aidbhint
  5. Oíche Chiúin
  6. Os cionn 2 billiún
  7. Breith Chríost
- Tugann na grúpaí/péirí tuairisc don rang.

## CEACHTANNA BREISE

### Scríbhneoireacht chruthaitheach

#### Measúnacht

- Iontráil sa Dialann: Is strainséir tú agus tagann tú ar Chros Ard Mhainistir Bhuithe. Breac síos do chuid tuairimí faoin gcros - agus cuimhnigh nach bhfaca tú cros dá leithéid sin riamh roimhe! B'fhéidir go mbuaileann tú le duine áitiúil a thugann roinnt faisnéise duit.
- Tá cónaí ort sa cheantar ina bhfuil Cros Ard Mhainistir Bhuithe suite agus tá an chros á tógáil fós. Tá tú ar an eolas faoin am atá caite ar thógáil na croise agus faoin obair atá déanta uirthi. Nuair atá sé críochnaithe go hoifigiúil, reáchtáiltear searmanas ag a bun. Téann tú chuig an searmanas lena fháil amach cad atá ag tarlú!

### Drámaíocht – fráma reoite

#### Measúnacht

#### Difreáil

- Roinn an rang ina ghrúpaí agus leag amach an radharc seo a leanas. Tagann grúpa chuig an searmanas ag bun na croise airde áitiúla. Tagann strainséir ar an láthair. Tá sé fuar, fliuch agus gaofar.
- Tugtar buille beag do ghualainn daoine chun iad a athbheochan le míniú a thabhairt faoi cad atá ag tarlú agus faoi conas a mhothaíonn siad etc.

### Réada a chuireann na daltaí ar fáil

- Iarr ar na daltaí réada atá tábhachtach ina stair theaghlaigh féin a thabhairt isteach leo.
  - H. Déan físeán de na daltaí agus iad ag caint faoina réad.
  - I. Cruthaigh fóta-scéal trí úsáid a bhaint as réada na ndaltaí. Tá naisc le fáil thíos le háiteanna ina bhfaighfear mínithe ar fhóta-scéal agus ar bhlagáil. Labhraíonn na daltaí faoi na híomhánna ina bhfeictear iad féin agus an réad. Téigh ó dhalta go dalta. Beidh gach dalta sa rang le feiceáil agus le cloisteáil sa chur i láthair.

**Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí:** [Conas úsáid a bhaint as fóta-scéal](#)  
[Conas do fhóta-scéal a bhlagáil](#)

- Cuirtear A nó B ar fáil ar láithreán gréasáin na scoile.

### Stair áitiúil

- An bhfuil réad is díol spéise ann i gceantar na scoile?